

Cúrsaí Liathróid Láimhe 2011

Meaití Jó Shéamuis

Rúnaí Chumann Liathróid Láimhe Mhícheál Breathnach

Is áit fíorchruógach, ach thar a bheith spleodrach pléisiúrtha, é pinniúr an chumainn sin againne ar an gCnoc ó cheann ceann na bliana mórán ag óg agus aosta, ní hé amháin lena mbíonn d'imirte agus de thraenáil ann ach mar gheall ar an méid spraoi agus spóirt a bhíonn taobh istigh de cheithre ballaí an ionaid féin. Go deimhin, is ionad iontach sóisialta é, áit a gcloistear gacha le scairt bhreá gháirí go minic ag baint oiread macalla taobh istigh ann is a níonn lascadh liathróide in aghaidh na mballaí céanna!

Ach is ann freisin atá bunchloch an traidisiúin fhada atá ag an gcluiche féin sa bpobal á dhaingniú go láidir le blianta deasa anuas anois chomh maith. Tá clú saothraithe ag óige an pharáiste nár samhlaíodh ach a raibh an pinniúr á thóigeáil os cionn deich mbliana fichead ó shin. Agus is i neart agus i dtreise atá an clú sin

ag dul. Baineadh curadhiarrachtaí amach i rith na bliana seo caite a mba mhór ag cumainn eile ar fud na tíre a leath oiread a bheith le maíomh acu. Obair chrua leanúnach agus uaireanta fada traenála sa bpinniúr féin a shaothraigh an stádas iontach seo atá bainte amach againn ar bhonn

contae, cúige agus náisiúnta. Beidh neart mionscagtha agus neart tagairtí do ghaisce imeartha na hóige agus na ngrádanna faoi aois á ríomh agam ar ball de réir mar a thiocfas mé chomh fada leo ó mhí go mí.

Ach mar adeireadh an mhuintir a tháinig romhainn “mara mbeidh



Tadhg Ó Curraoin, Cian Ó Conghaile, Eimear Ní Bhiadhá agus Jimí Ó Fatharta.



Cluiche pobail faoi 13

Eimear Ní Bhiadha, Fionnuala Ní Ghrúinnéil, Laoise Breathnach, Majella Nic Dhonncha agus Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú.

siad beag ann, ní bheidh siad mór ann” agus níl aon tsiléig ag baint leis na himreoirí fásta ná seanfhásta ach an oiread! Is thiar i ndeireadh mhí Eanáir a scríobh mé an méid seo thíos nuair a thosaigh na comórtais contae sna grádanna éagsúla do dhaoine fásta agus tráth a raibh glac deas d’imreoirí an chumainn páirteach. Facthas fíorchoimhlintí den chéad scoth sa bpinniúr sin againne ar an dara deireadh seachtaine deiridh de mhí Eanáir nuair a tháinig imreoirí ó chumainn Achréidh na Gaillimhe, ar nós Anach Cuain agus Naomh Greallán Bhéal Átha na Sluaighe, agus amach anall as Árainn oíche Aoine agus i gcaitheamh an lae Dé Domhnaigh go raibh sé thar am tae. Níor mhiste d’aon duine ar spéis leo áilleacht an chluiche nuair a bhíonn sé á imirt ar chaighdeán fíorard, agus go háithrid daoine óga, bualadh isteach ag breathnú ar choimhlintí fíochmhara den chineál seo idir gaiscíochaí forásacha an chontae. Agus is mór an chreidiúint d’Inis Oírr an chaoi nár lig cúpla gaiscíoch leosan a gcuid maidí le sruth ná a gcnáimh le muintir an taobh thoir i ndiaidh cúpla coimhlint chráite a mhair cheithre huaire go leith!

Bhí iomaíocht contae na mbunscol tosaithe freisin san athbhliain agus na buachaillí agus na cailíní a bhí ag freastal ar Scoil Shailearna ag leanacht de shampla agus den cháil atá saothraithe ag an scoil le blianta beaga anuas. Chruthaigh an scata a thug a n-aghaidh isteach ar Bhóthar na Trá Dé Sathairn, an 22 Eanáir, thar cionn ar fad nuair a chroch siad leo seacht gcinn as ocht gcinn de chraobhacha contae faoi 11 bliain agus faoi 13 bliana agus iad ag úsáid liathróid *dúshlánaí uimhir a dó nó challenger # 2*. Is iad Róisín Ní Ghionnáin as Cor na Rón agus Liam Cruz Ó Fatharta as Na hAille seaimpíní singil na Gaillimhe i mbliana faoi 11 bliain, is iad Eimear Ní Bhiadha as an mBóthar Buí, An Cnoc agus Cian Ó Conghaile as Cor na Rón a ghnóthaigh na craobhacha singil contae faoi 13 bliana. Is iad Shauna Spratt as Cor na Rón agus Aisling Ní Fhurghais as an mBóthar Buí, An Cnoc a chroch leo craobh dhúbailte na gcailíní faoi 11 bliain agus i gcomórtas dúbailte na mbuachaillí faoi 11 is iad Máirtín Ó Maoláin as Cor na Rón agus John Ó Biadha as an mBóthar Buí, An Cnoc a rinne an ghaisce. Is go dtí an Lochán Beag agus go dtí an Teach Mór a chuaigh

craobh dhúbailte na gcailíní faoi 13 bliana ag Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchadha agus Majella Nic Dhonnchadha. Comhghairdeachas mór ó chroí le imreoirí sin Scoil Shailearna ar baill iad de Chumann Liathróid Láimhe Mhícheál Breathnach chomh maith.

Ag neartú air a bhí cruóig imeartha agus comórtais an aosa óig i rith na míosa dár gcionn nuair a hiarradh liostaí buachaillí agus cailíní faoi 13 bliana agus faoi 15 bliana a bheith ar fáil do chomórtais na gcluichí pobail agus seolta ar aghaidh go dtí Rúnaí an Chontae faoin 4 Feabhra mar gur i gCill Rónáin a bhí Comórtais Cluichí Pobail Chontae na Gaillimhe le bheith ar an Satharn an 19 Feabhra. B’ar an 10 Feabhra a bhí réamhbhabhtaí Chomórtas Ghael Linn do liathróid *Challenger #1* idir foirne ar a mbeadh buachaill agus cailín faoi 13 bliana. Na scoileanna as an Spidéal, Sailearna, an Tulaigh agus Oileáin Árann a bhí le bheith sa bpinniúr ar an gCnoc. B’ann freisin a himríodh babhtaí ceannais Chonnacht liathróid *Challenger #2* sa ngrád faoi 13 Ghael Linn ar an 27 Feabhra. Ach sula dtaga mé chomh fada leis an údar bróid a bhain leo siúd, b’údar mór eile mórtais don pharáiste seo Gradam na Réalta Náisiúnta a bronnadh i bPáirc an Chrócaigh i mí na Nollag ar ár mbanlaogh óg, Ciana Ní Churraoin as an gCathair. Is cuí gur go hard le hais na dtrófaíthe móra cúige, náisiúnta agus domhanda eile a bhí gnóite roimhe sin agus ó shin aici atá an tseoid sin ina luí faoi ghradam ar an matal Tigh Bhrian agus Frances Uí Churraoin ar Bhaile na Cathrach! Agus is iomaí tagairt eile a bheidh sa bpíosa seo dá liachtaí gaisce mhór eile a bhí i ndán do Ciana arís i gcaitheamh na bliana seo.

Imreoirí óga eile, tamall níos óige ná í, a raibh an-bhliain acu féin is ea Majella Nic Dhonncha agus Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú, John Ó Biadha, Máirtín Ó Maoláin, Liam Ó Fatharta agus Cian Ó Conghaile. D’ardaíodar siúd leo craobhacha ceannais cúige na mBunscol i mí Feabhra. Craobh náisiúnta a bhí i ndán do dhuine acu siúd agus do dheirfiúr duine eile acu taobh istigh de mhí eile nuair a ghnóthaigh Cian



Ó chl : Ciana N  Churraoin, Cr st  r   Corra n agus Adhna N  Bhraon  n.

  Conghaile agus Eimear N  Bhiadha Corn Ghael Linn sa M rta. Seo com rtas at  ar bun le bliain is fiche anuas agus is   an dara huair an ghaisce seo a bheith d anta ag beirt sa gcumann s againne, caoi a fh gann ar comhch im muid leis na cumainn mh ra eile ar fud na t re is m  a bhfuil an corn seo buaite go dt  seo acu: ar  anuraidh a rinne an ch ad bheirt  n gcumann seo an ghaisce cheana nuair a thug Ciana N  Churraoin agus Cian   Fatharta an corn go dt  an par iste den ch ad uair!

Gaisce mh r eile f s a d anadh sa M rta ab ea cheithre cinn de chraobhacha ceannais singil Gr d "A" Chonnacht a bheith tugtha leo ag beirt chail n  agus beirt bhuachaill . Is iad Abhna N  Bhraon  n (faoi 15 bliana) agus (Ciana N  Churraoin) faoi 16 bliana na cail n  agus choinnigh Ciana uirthi ansin gur thug l i Craobh na h ireann ar an 3  l  d'Aibre n i ndiaidh di f orghrios il a thabhairt do "shean-n mhaid", M adhbh McElduff as Ard Mhacha! Agus is iad Cian   Conghaile agus R n n   Beol  n an bheirt seaimp n  "A" d  gcuid aoise i gConnacht, Cian faoi 12 agus R n n faoi 14. San Aibre n a himr odh na craobhacha c ige "B" agus gn tha odh p ire acu sin freisin faoi 11 bliain: ceann singil na gcaill n  ag R is n N  Ghionn  n agus craobh dh bailte na


mbuachaill  ag M irt n   Maol  n agus John   Biadha.

Ba tr imhse chru gach an tAibre n ach ba rath il. D  irigh le

foireann cail n  faoi 13 agus foireann buachaill  faoi 15 bliana an chumainn Craobh Chonnacht i gCom rtas na gCluich  Pobail a ghn thacht il agus ba bheag b deach nach raibh an cleas c anna d anta ag an bhfoireann cail n  faoi 15 n r chlis ach le aon phointe g gach amh in! Bh  ceathar d r ngearrchail    ga ar fhoireann Chonnacht a thug gleadh adh maith ar Luan C ska, an 25 Aibre n, d'fhoireann Muimhneach sa gcom rtas *Best of Ten* idir 13 agus 17 bliana. B' hi d iad Ciana N  Churraoin, Eimear N  Bhiadha, Anna N  Odhr  n-N  Mhurch  agus Abhna N  Bhraon  n. Bh  beirt acu sin ar an bhfoireann faoi 13 a thug leo Craobh na h ireann i gcom rtas na gCluich  Pobail i nd ireadh na Bealtaine. Ba iad an c igear banlaoch  g sa gc s sin a chriog foirne as T r Eoghain agus as Luimneach le Craobh na gCluich  Pobail a thabhairt abhaile go Cois Fharraige: Anna N  Odhr  n-N  Mhurch , Eimear N  Bhiadha,



R n n   Beol  n, Cian   Conghaile, Daragh   Fatharta, Ruadh n   Curraoin agus R n n   Curraoin.



Colm Mharcuis Ó Cualáin a bhuaigh Craobh Máistrí Ruby na bhFear Aon Bhalla Amháin i gCaisleán an Bharraigh i mí Iúil na bliana seo.

Fionnuala Ní Ghruinnéil, Majella Nic Dhonnchadha agus Laoise Bhreathnach. Bhí a bhformhór seo caithréimeach arís an mhí dár gcionn nuair a reachtáladh Féile na nGael i gContae seo na Gaillimhe den chéad uair le cosamar scór blianta. Is i bpinniúr Mhícheál Breathnach ar an gCnoc a cuireadh cóir reachtála ar fhoirne cailíní Roinn a Dó. Ba iad Baile Liam oirthuaisceart an chontae agus Mícheál Breathnach ionadaithe na Gaillimhe agus ó tharla chaon fhoireann acu a bheith dochloíte ina gcuid grúpaí éagsúla ar an Satharn is rompu a bhí an babhta ceannais i ndán an lá dár gcionn istigh i mBóthar na Trá. Ach rinne cailíní an chumainn s’againne fíorghaisce babhta amháin eile, in ainneoin beirt acu a bheith tinn, gur ghnóthaíodar dhá chluiche in aghaidh tada leis an scór 21–13, 21–13. Ar an bhfoireann bhí Eimear Ní Bhiadha, Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú, Siorcha Ní Bhraonáin, Majella Nic Dhonnchadha agus Sinéad Ní Mhaoláin.

Athraíonn an bhéim roinnt ón ngnáthphinniúr go dtí an imirt binne nó Aon Bhalla Amháin sa samhradh, nó tamall roimhe sin féin le blianta beaga anuas.

Liathróid níos mó agus níos boige ná an ceann a bhíonn in úsáid againn sa ngnáthphinniúr dúinte cheithre bhalla a imrítear, caoi a fhágann an scéal níos éasca ar bhoiseanna na lámh – ach sin uile a mbíonn d’éascaíocht ag baint leis an imirt féin! Is maith an réiteach é an cleachtadh a nítear i halla na bunscoile agus i bpinniúir chlós na scoile sin do na comórtais mhóra idirnáisiúnta a imrítear go hiondúil i gcorplár an tsamhraidh. Is ceann acu sin a bhí tamall de bhlianta á imirt i mBaile an Mhóta agus i mBéal Easa Dara i gCo. Shligigh agus atá aistrithe anois le cúpla bliain anuas go dtí Spórtlann Theach Ósta Bhreachmhaí i gCaisleán an Bharraigh. Bíonn ionadaíocht láidir fairsing ag Cumann Mhícheál Breathnach ann le blianta agus ní folamh a bhíonn riar acu ag teacht abhaile thar éis an dá lá ach oiread. Comhghairdeachas le idir óg agus fásta a bhí páirteach ar an gcéad deireadh seachtaine de mhí Iúil i mbliana agus a choinnigh an bhratach ar foluain thar ceann an pharáiste seo. Chuaigh cuid acu piosa maith ar a gcuid comórtais, léithéidí Chian Ó Conghaile agus Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú ina

n-aoisghrádanna agus Gearóidín Ní Chadhain, iad fré chéile a chuaigh chomh fada le babhtáí leathcheannais agus leo siúd a thug toirtíní abhaile leo: Stiofán Ó Conghaile agus Dónal Ó Braonáin a ghnóthaigh an Pláta do Bhuachaillí faoi 10, Eimear Ní Bhiadha a ghnóthaigh Craobh na gCailíní faoi 14, Ciana Ní Churraoin an chraobh Cailíní faoi 16 agus Colm Mharcuis Ó Cualáin Craobh Máistrí Ruby na bhFear chomh maith le Tadhg Ó Curraoin a chuaigh go dtí an babhta ceannais.

Roimh bhuille scoir, cúpla toradh coláistí dara leibhéal ón mí seo caite. Is é Cian Ó Conghaile Seaimpín Chonnacht d’imreoirí na céadbhlíana, gaisce a rinne sé i mBaile Liam thar ceann Choláiste Cholmcille agus ba bheag bídeach nár éirigh le Anna Ní Odhráin-Ní Mhurchú an cleas céanna a bheith déanta aici sa gcluiche ceannais cúige do chailíní céadbhlíana. Níl uaithi ach beagán eile cleachtaidh ar an bpinniúr mór 60 troigh faoi 30 troigh!

Agus an focal scoir do rí-imreoir na Cathrach... sea, d’eile ach Ciana Ní Churraoin atá luaite chomh minic sin agam ó thosaigh mé air seo. Ach d’fhág mé cheithre cinn eile de chraobhacha as an gcomhaireamh go dtí anseo faoi dheireadh. Ghéill sí seacht nó a hocht de bhlianta dá cuid céilí comhraic nuair a thug sí Craobh Uile-Éireann faoi 23 abhaile as Loch Garman léi sa mBealtaine seo caite, mí go díreach i ndiaidh di an chraobh faoi 16 a bheith gnóite aici. I mí Iúil, is í Adhna Ní Bhraonáin an páirtí a bhí aici nuair a ghnóthaigh siad Craobh Dhúbailte na hÉireann sa bPinniúr 60 x 30 do chailíní faoi 15 agus thug sí léi an Chraobh Shingil 60 x 30 ar an Domhnach an 25ú lá de Mheán Fómhair nuair a chriog sí cailín Ard Mhacha, Méadhbh McElduff, sa gCeannanas Mór leis an scór 21–4, 21–10. Tá Craobh Sóisir Liathróid Láimhe na gColáistí Dara Leibhéal curtha aici ó shin leis an méid sin dá hAlma Mater, Coláiste na Coiribe i nGaillimh. Nár laga Dia Ciana agus go bhfága Sé againn í mar níl aon ríochan go deo léi, bail ó Dhia ’s ó Mhuire uirthi!